# Glór Cheatharlach

## Naíonra Cheatharlach

CUIREADH tús le bliain nua i Naíonra Cheatharlach an tseachtain seo caite agus nach sona sásta atá na páistí óga ann. Bhí gach rud in ord agus in eagar dóibh ag na stiúrthóirí Lorraine Mhic Eoin agus Madeleine Seá.

'Séard atá i gceist le Naíonra ná grúpa páistí réamhscoile a thagann le chéile go rialta trí Ghaeilge i dtimpeallacht taitneamhach faoi chúram stiúrthóirí cáilithe. Cuireann foireann an Naíonra gach deis ar fáil chun forbairt iomlán an pháiste a chur i gcrích. Modh an tsúgartha an cur chuige a leantar mar is é seo an modh foghlama is nádúrtha ag an aois áirithe seo. Bíonn clár leathan éagsúil d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí a oireann do pháistí idir aois a trí agus a cúig curtha ar fáil go proifisiúnta agus go snasta gach lá sa Naíonra.

Tá Naíonra Cheatharlach ag cur seirbhís, cúram agus oideachas réamhscoile ar fáil i gCheatharlach le breis is tríocha bliain. I seomra breá in Ionad Snámha, Graig Chuilinn a thagann an grúpa le chéile gach maidin ó 9.30-12.30. Tá an Naíonra rannpháirteach sa Bhliain Réamhscoile saor in aisce faoin Scéim um Chúram agus Oideachas Luath-Óige (ECCE). Faoin scéim seo is féidir le gach leanbh leas a bhaint as an mbliain réamhscoile sula dtosóidh siad ag an mbunscoil. Maireann an Bhliain Réamhscoile Saor thar 38 seachtain le soláthar de 3 uair an chloig in aghaidh an lae ar feadh cúig lá sa tseachtain. Tá cúpla áit saor don scoilbhliain reatha. Is féidir gach eolas a fháil ó Lorraine ag 085/7377041 nó ó Glór Cheatharlach ag 059/9158105.

| Gluais: | Glossary |
|---|---|
| sona sásta | blissfully happy |
| réamhscoile | preschool |
| timpeallacht | environment |
| forbairt | development |
| oireann | suitable |
| reatha | current |




**Lorraine Mhic Eoin agus Madeleine Seá réidh do bhliain nua sa Naíonra**

## Tóstal na hÉireann 2013



BEIDH togra mór turasóireachta dar teideal Tóstal Éireann 2013 ar siúl in Éirinn ó cheann ceann na bliana seo chugainn nuair a bheidh muintir na hÉireann agus eachtrannaigh araon á mealladh ar ais chun na tíre le haghaidh saoire agus spraoi, ceiliúradh agus comóradh. Is smaoineamh iontach ach smaoineamh simplí é an tionscnamh áirithe seo inar féidir le gach duine, teaghlach agus club, gach eagras,scoil agus pobal, gach baile agus contae trasna na tíre a bheith páirteach. Níl le déanamh ach imeacht, ócáid nó féile a reachtáil agus cuireadh abhaile a thabhairt do chairde agus teagmhálaithe thar lear.

Tá Rialtas na hÉireann agus Fáilte Ireland go mór taobh thiar den Tóstal agus ag súil go gcuirfidh an bhliain borradh mór le líon na dturasóirí chun na tíre. Tá feachtas ollmhór poiblíochta ar siúl cheana féin. Seoladh an feachtas go hoifigiúil le déanaí agus tá gach contae i mbun gníomhaíochta anois chun féilire imeachtaí a chur ar fáil. Eagraíodh cruinnithe eolais i ngach contae agus tá stiúrthóirí ceaptha chun an feachtas a thiomáint ar aghaidh go gasta agus go héifeachtach.

Tionólfar an chéad chruinniú eile de Tóstal Éireann 3013 tráthnóna inniu, Dé Máirt, 11 Meán Fómhair ag 7.00in in Óstán Mount Wolseley, An Tulach. 'Sí Eileen O'Rourke an comhordnaitheoir do Chontae Cheatharlach agus túgann sí cuireadh do chách gur mhian leo a bheith pairteach a bheith i láthair. Uaireanta is iad na smaointí simplí na cinn is fear. Tóstal Éireann 2013! Bí páirteach!

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| togra | project |
| Tóstal Éireann | Gathering Ireland |
| smaoineamh | idea |
| teagmhálaithe | contacts |
| thar lear | overseas |
| feachtas | campaign |
| poiblíocht | publicity |

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
**Glór Cheatharlach**
Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

## Díoplóma sa Ghaeilge 2012-2014



RÉACHTÁLFAR Cúrsa Díoplóma sa Ghaeilge i gCeatharlach i mbliana i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh agus leanfaidh sé thar thréimhse dhá bhliain. Is cúrsa páirtaimseartha é an Díoplóma le ranganna ar feadh trí huaire a chloig oíche amháin sa tseachtain.

Chríochnaigh an cúrsa is déanaí i gCeatharlach i Márta 2010 agus d'éirigh le suas le 20 macléinn an dióplóma a bhaint amach. Leagann an cúrsa béim ar chuile gné den teanga agus tá sé oiriúnach d'éinne le caighdeán maith sa teanga atá ag iarraidh cáilíocht a bhaint amach mar mhacléinn aibí. Tosnóidh an chéad chúrsa eile ag deireadh Mhí Mhéan Fómhair 2012 agus críochnóidh sé thart ar Mhí an Mhárta 2014.

Chomh maith le ranganna uair sa tseachtain a bheidh ar siúl i gCeatharlach (thar 10 seachtaine gach téarma) beidh cúrsa dheireadh seachtaine in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh sa chéad bhliain. Beidh deis ag na rannpháirtithe tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht chomh maith.

'Siad aidhmeanna an Chúrsa seo ná cur le cumas an mhicléinn an Ghaeilge a labhairt agus a scríobh agus a bheith in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh sa teanga. Déanann an cúrsa iarracht tuiscint a chothú ins na micléinn ar cheart na Gaeilge, léargas ar chultúr agus ar shaíocht Ghaelach na hÉireann agus meon dearfach i leith na Gaeilge a spreagadh iontu.

Fáiltítear roimh iarratais ó dhaoine go bhfuil leibhéal pas bainte amach acu i scrúdú ardleibhéal Gaeilge na hArdteistiméireachta agus/nó a shásaíonn Stiúrthóir Acadúil an Chúrsa go bhfuil caighdeán sásúil sroichte acu i labhairt agus i scríobh na Gaeilge. Ní foláir clárú gan mhoill le cinntiú go rachaidh an Cúrsa ar aghaidh. Tá gach eolas ar fáil ó Glór Cheatharlach ar 059 9158105, 085 1340047 nó is féidir dul i dteagmháil le Caitríona in Acadamh na hOllscolaíochta, Gaillimh ar 091 495248 nó ríomhphost a sheoladh chuig andioplomasagaeilge@oegaillimh.ie.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| i gcomhar | in association |
| páirtaimseartha | part time |
| caighdeán | standard |
| cáilíocht | qualification |
| aibí | mature |
| cumarsáid | communication |
| clárú | register |



**Siobhan Lawlor and James Cox at the recent Presentation De La Salle Debs**